

Lánúineacha den Ghnéas Céanna, Saorghluaiseacht shaoránaigh an AE, Imirce agus Tearmann

Toirmiscítear aon idirdhealú bunaithe ar aon bhonn amhail... treoshuíomh gnéasach.

Tá ag gach saoránach den Aontas an ceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát.

Ráthítear an ceart chun tearmainn....

Tá ag gach duine an ceart chun go ndéantar a shaol nó a saol teaghlaigh a urramú

Cairt um Chearta Bunúsacha an AE (Airteagail 21, 45, 18, 7)

An féidir le duine i lánúin den ghnéas céanna dul chuig a pháirtí i mBallstát eile?

Is minic go mbeidh sé de cheart ag duine aonair ar mian leo bogadh go Ballstát de chuid an AE, ó Bhallstát eile, nó ó lasmuigh den AE, a chéile a thabhairt leis. Mar sin féin, ní i gcónaí a bhíonn an ceart seo ag lánúineacha den ghnéas céanna, fiú amháin nuair atá comhpháirtíocht chláráithe nó pósadh i gceist eatarthu. Is faoi gach Ballstát (seachas an AE) é cinneadh a dhéanamh cibé acu an dtabharfar nó nach dtabharfar cead nó aitheantas do phóstaí nó comhpháirtíochtaí den ghnéas céanna.

In Airteagal 6(2) de Chonradh an AE éilítear ar Bhallstáit cloí le cearta bunúsacha lena n-áirítear toirmeasc ar idirdhealú um chlaonadh gnéasach, nuair a bhíonn dlí an AE á chur i bhfeidhm. Mar sin, cé nach bhfuil oibleagáid ar Bhallstáit faoi dlí an AE cead nó aitheantas a thabhairt do chomhpháirtíochtaí nó póstaí den ghnéas céanna, cuirtear oibleagáid ar Bhallstáit caitheamh go cothrom le lánúineacha den ghnéas céanna agus lánúineacha den dá ghnéas nuair atá dlí an AE á chur i bhfeidhm acu (lena n-áirítear dlí a bhaineann le saorghluaiseacht, imirce agus tearmann).

Braitheann cearta lánúineacha den ghnéas céanna ar an gcaidreamh atá acu leis na Ballstáit. Roinneann dlí an AE daoine aonair i dtrí chatagóir faoi leith: saoránaigh an AE ag bogadh go Ballstát eile de chuid an AE, náisiúnaigh ó thríú tír, agus iad siúd atá ag lorg cosanta idirnáisiúnta.

A. Saoránaigh an AE

Tugann an **Treoir um Shaorghluaiseacht** 2004/38/CE cead do shaoránach an AE, faoi choinníollacha áirithe, chun gluaiseacht agus cónaí laistigh den AE i dteannta a chéile. Má ghlacann an Stát aíochta le comhpháirtíochtaí cláráithe ar bhonn comhionann le pósadh, beidh na cearta céanna ag páirtithe cláráithe agus atá ag 'céilí' faoin Treoir.

Tá ag saoránach an ceart chun fanacht i mBallstát eile ar feadh suas le trí mhí. Más mian le saoránach fanacht níos faide, ní mór go mbeidís ina **n-oibrí, mac léinn** nó **duine le hacmhainní neamhspleácha**. Féadfaidh saoránach a chéile a thabhairt leis chun cónaí sa Bhallstát aíochta, fiú mura n-áirítear an céile féin i gceann de na catagóirí thuasluaite. Mar sin féin, mura n-aithníonn an Ballstát aíochta póstaí nó comhpháirtíochtaí den ghnéas céanna níl an ceart ag an duine seo a bheith i dteannta a pháirtí ach amháin má áirítear iad i gceann de na catagóirí seo.

Maidir le saoránach le páirtí den ghnéas céanna, ar mian leis cónaí i mBallstát eile de chuid an AE, d'fhéadfadh siad titim faoi aon cheann de na trí chás seo a leanas:

1. **Póstaí.** Má tá an lánúin pósta ina Stát dúchais agus má aithníonn an Stát aíochta bailíocht phóstaí den ghnéas céanna, beidh an ceart ag an duine aonair sin, faoin Treoir um Shaorghluaiseacht, a bheith i dteannta a chéile. I láthair na huaire, is féidir le lánúineacha den ghnéas céannabheith pósta go dlíthiúil sa Bheilg, san Ísiltír, sa Spáinn agus sa tSualainn. Mar sin féin, is cosúil nach n-aithníonn ar a laghad 11 Ballstát (an Eastóin, an Ghréig, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic, an tSlóivéin) bailíocht phóstaí den ghnéas céanna. Sna Stáit seo is dócha nach n-aithneofar céilí den ghnéas céanna mar 'chéilí'.
2. **Comhpháirtíochtaí cláraithe.** Má tá an lánúin i gcomhpháirtíocht chláráithe ina Stát dúchais d'fhéadfadh duine aonair bheith i dteannta lena pháirtí sa Stát aíochta amhail dá mba 'chéile' é nó í. Mar sin féin, braitheann é seo ar an tslí a ghlacann an Stát aíochta le comhpháirtíochtaí cláraithe.
 - a. Faoin Treoir um Shaorghluaiseacht má ghlacann dlí náisiúnta an Stáit aíochta le comhpháirtíochtaí cláraithe ar bhonn comhionann le pósadh, tá sé de cheart ag duine aonair a bheith i dteannta a pháirtí amhail dá mba 'chéile' é nó í. Ceadáíonn 6 Bhallstát comhpháirtíochtaí cláraithe a bhfuil seasamh comhionann le pósadh acu (Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir, an Rómáin, an Ríocht Aontaithe).
 - b. Mura nglacann an Stát aíochta le comhpháirtíochtaí cláraithe ar bhonn comhionann le pósadh titfidh an lánúin faoi réir na rialacha a bhaineann le páirtithe ('de facto') neamhchláráithe atá i 'gcaidreamh buan'. Ní chuireann dlí an AE oibleagáid ar bith ar Bhallstáit chun cead nó aitheantas a thabhairt do chomhpháirtíochtaí cláraithe.
3. **Comhpháirtíochtaí (de facto) neamhchláráithe.** Mura n-aithníonn an Stát aíochta póstaí nó comhpháirtíochtaí den ghnéas céanna, nó mura bhfuil caidreamh ar bhonn foirmiúil idir an lánúin, titfidh siad faoi réir na rialacha a bhaineann le comhpháirtíochtaí neamhchláráithe. Ní bhaineann páirtithe neamhchláráithe leas as an gceart céanna maidir le céile a bheith i dteannta a pháirtí. Ina ionad sin, cuireann an Treoir um Shaorghluaiseacht iallach ar Bhallstáit 'iontráil agus cónaí a éascú' do chomhpháirtithe neamhchláráithe atá i 'gcaidreamh buan'. Baineann é seo go cothrom le lánúineacha den ghnéas céanna agus le lánúineacha den dá ghnéas. Níl an rial chomh soiléir céanna leis an gceart coinchréiteach atá ag 'céile' a bheith i dteannta a pháirtí, agus ní mór do lánúineacha den chineál seo a léiriú go bhfuil an caidreamh eatarthu 'buan'.

B. Náisiúnaigh ó Thríú Tír

Tagann an **Treoir um Athaontú Teaghlaigh 2003/86/CE** i bhfeidhm nuair is náisiúnaigh ó thríú tír (nach saoránach de Bhallstát an AE) iad an bheirt duine aonair. Tugann an Treoir um Athaontú Teaghlaigh cead do chéilí ar náisiúnaigh ó thríú tír iad a bheith i dteannta náisiúnaigh ó thríú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu i gcríoch Bhallstáit. Mar sin féin, níl dualgas sainráite ar Bhallstáit an ceart seo a chur i bhfeidhm i ndáil le comhpháirtíochtaí den ghnéas céanna cláraithe (nó neamhchláráithe).

C. Daoine atá ag Lorg Cosanta Idirnáisiúnta

Leagann an **Treoir maidir le Cáiliú 2004/83/CE** amach na coinníollacha inar cheart do Bhallstáit tearmann nó cosaint idirnáisiúnta a thairiscint do náisiúnaigh ó tríú tír. Is féidir leo siúd atá i mbaol géarleanúna ina Stát dúchais (ar fhoras an chlaonta ghnéasaigh san áireamh) leas a bhaint as an gcosaint seo. Tá sé de rogha ag Ballstáit cinneadh a dhéanamh an dtabharfar cead do pháirtí den ghnéas céanna bheith i dteannta páirtí a bhfuil cosaint á fáil acu. Ceadáíonn naoi mBallstát é seo, faoi réir coinníollacha áirithe (an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhionlainn, Lucsamburg, an Ísiltír, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe). Ní cheadaítear é seo i 14 Bhallstát agus ní an staid soiléir sa 4 Bhallstát eile.

Tá an bhileoigin seo bunaithe ar an tuarascáil "An Homafóibe agus an tIrdhealú ar fhorais an Treoshuimh Ghnéasaigh agus na Féiniúlachta Inscne i mBallstáit an AE Cuid I – Anailís dlíthiúil" a foilsíodh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) i mí an Mheithimh 2008.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: <http://fra.europa.eu>.

Is féidir gach foilseachán ó Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a ordú saor in aisce trína suíomh gréasáin.

I gcás ceisteanna maidir leis an aistriúchán seo téigh i gcomhairle le do thoil leis an leagan Béarla, atá mar bhunleagan agus leagan oifigiúil na cáipéise seo.